**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0320/2021**

11.11.2021

# TUARASCÁIL

maidir leis an meastóireacht ar bhearta coisctheacha chun éilliú, caiteachas neamhrialta agus mí-úsáid chistí AE agus cistí náisiúnta a sheachaint i gcás cistí éigeandála agus réimsí caiteachais a bhaineann le géarchéimeanna (2020/2222(INI))

An Coiste um Rialú Buiséadach

Rapóirtéir: Michèle Rivasi

PR_INI

# CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....................................3

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM SHAOIRSÍ SIBHIALTA, UM CHEARTAS AGUS UM GHNÓTHAÍ BAILE.....................................................................................................................18

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH......................................26

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH SA CHOISTE FREAGRACH .......................................27

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an meastóireacht ar bhearta coisctheacha chun éilliú, caiteachas neamhrialta agus mí-úsáid chistí AE agus cistí náisiúnta a sheachaint i gcás cistí éigeandála agus réimsí caiteachais a bhaineann le géarchéimeanna**
**(2020/2222(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagail 310, 317 agus 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain[1],

– ag féachaint do Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE[2],

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Feabhra 2017 maidir leis an ról atá ag sceithirí i gcosaint leasanna airgeadais AE[3],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (Treoir PIF)[4],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, agus lena leasaítear Treoracha 2009/138/CE agus 2013/36/AE[5],

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[6],

– ag féachaint do Thuarascáil OLAF 2019[7] agus do Thuarascáil Bhliantúil 2019 ar

[1] IO L 94, 28.3.2014, lch. 1.
[2] IO L 94, 28.3.2014, lch. 65.
[3] IO C 252, 18.7.2018, lch. 56.
[4] IO L 198, 28.7.2017, lch. 29.
[5] IO L 156, 19.6.2018, lch. 43.
[6] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
[7] OLAF, *Twentieth report of the European Anti-Fraud Office, 1 January to 31 December 2019* [An fichiú tuarascáil ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2019], 2020.

Ghníomhaíochtaí Choiste Maoirseachta OLAF,

– ag féachaint do Thuarascáil Speisialta Uimh. 01/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an 10 Eanáir 2019 dar teideal *Fighting fraud in EU spending: action needed* [Comhrac i gcoinne na calaoise i gcaiteachas AE: an gá le gníomhaíocht],

– ag féachaint do thuarascáil speisialta Uimh. 06/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Tackling fraud in EU cohesion spending: managing authorities need to strengthen detection, response and coordination* [Dul i ngleic le calaois i gcaiteachas AE ar chomhtháthú: ní mór d'údaráis bhainistíochta brath, freagairt agus comhordú a neartú],

– ag féachaint d'athbhreithniú Uimh. 04/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Risks, challenges and opportunities in the EU's economic policy response to the COVID-19 crisis* [Na rioscaí, dúshláin agus deiseanna i bhfreagairt AE ar ghéarchéim COVID-19],

– ag féachaint don Ghrúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta (GRECO), agus dá 21ú tuarascáil ghinearálta ar ghníomhaíochtaí (2020),

– ag féachaint don staidéar dar teideal *Public Integrity for an Effective COVID-19 Response and Recovery* [Sláine Phoiblí le haghaidh Freagairt Éifeachtach ar COVID-19 agus Téarnamh Éifeachtach uaidh], arna fhoilsiú ag ECFE i mí Aibreán 2020,

– ag féachaint don staidéar dar teideal *Corruption in the times of Pandemia* [An tÉilliú i dtráth Paindéime], a foilsíodh i mBealtaine 2020[8],

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle an 3 Meán Fómhair 2020 dar teideal *31st Annual Report on the protection of the European Union's financial interests – Fight against fraud – 2019* [An 31ú Tuarascáil ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh — An comhrac in aghaidh na calaoise - 2019] (COM(2020)0363) agus na doiciméid inmheánacha oibre a ghabhann léi[9],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/2221 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní breise agus socruithe cur chun feidhme chun cúnamh a chur ar fáil chun leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar (REACT-EU)[10],

– ag féachaint don Ionstraim Tacaíochta Éigeandála,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

[8] Gallego, J., Prem, M. agus Vargas, J.F., *Corruption in the times of Pandemia* [An tÉilliú i dtráth Paindéime], Bealtaine 2020.
[9] SWD(2020)0156, SWD(2020)0157, SWD(2020)0158, SWD(2020)0159 agus SWD(2020)0160.
[10] IO L 437, 28.12.2020, lch. 30.

an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[11],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear an Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017[12],

– ag féachaint dá seasamh ar an dara léamh d'fhonn go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Clár Frith-Chalaoise an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 250/2014[13].

– ag féachaint d'Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus do Phrótacal (Uimh. 2) maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm,

– ag féachaint do Thuairim Uimh. 4/2020 ón gCúirt Iniúchóirí maidir le togra an 28 Bealtaine 2020 2020/0101 (COD) le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní breise eisceachtúla agus socruithe cur chun feidhme faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post chun cúnamh a chur ar fáil chun leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach an gheilleagair (REACT-EU); agus ar an togra leasaithe 2018/0196 (COD) le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim Bainistithe Teorainneacha agus Víosaí[14],

– ag féachaint do phreaseisiúint ó Europol an 5 Meitheamh 2020, dar teideal *Europol launches the European Financial and Economic Crime Centre* [An Lárionad Eorpach um Choireacht Airgeadais agus Eacnamaíoch seolta ag Europol][15],

– ag féachaint do phreaseisiúint Europol an 12 Aibreán 2021, dar teideal *Serious and organised crime in the EU: A corrupting influence* [Coireacht thromchúiseach agus eagraithe in AE: tionchar éillitheach][16],

– ag féachaint do rún uaithi an 29 Aibreán 2021 maidir le feallmharú Daphne Caruana Galizia agus maidir leis an smacht reachta i Málta[17],

– ag féachaint do rún uaithi an 7 Iúil 2021 maidir le cosaint leasanna airgeadais AE – an

[11] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.
[12] IO L 107, 26.3.2021, lch. 30.
[13] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0149.
[14] IO C 272, 17.8.2020, lch. 1.
[15] https://www.europol.europa.eu/newsroom/news/europol-launches-european-financial-and-economic-crime-centre
[16] https://www.europol.europa.eu/newsroom/news/serious-and-organised-crime-in-eu-corrupting-influence
[17] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0148.

comhrac i gcoinne na calaoise – tuarascáil bhliantúil 2019[18],

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Meitheamh 2021 ar an measúnú reatha ag an gCoimisiún agus ag an gComhairle ar phleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta[19],

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0320/2021),

A. de bhrí go dtagraíonn coireacht airgeadais agus eacnamaíoch do ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag duine aonair nó ag grúpa daoine aonair chun gnóthachan eacnamaíoch nó gairmiúil a fháil agus áirítear léi, *inter alia*, éilliú, calaois, comhéigean, claonpháirteachas, bac, sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta;

B. de bhrí gur chuir an ghéarchéim sláinte poiblí a bhí ann mar thoradh ar phaindéim COVID-19, mar aon leis an éigeandáil eacnamaíoch agus an suaitheadh sóisialta ina dhiaidh sin, brú ar AE agus ar na húdaráis phoiblí sna Ballstáit chun foráil a dhéanamh do bhainistiú cistiúcháin bhreise nó a bheith páirteach sa bhainistiú sin agus caiteachas a mhéadú go mór agus go mear;

C. de bhrí gur uirlisí cumhachtacha chun cabhrú le tíortha AE téarnamh iad an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, le himchlúdach de níos mó ná EUR 670 billiún, agus REACT-EU, le himchlúdach de níos mó ná EUR 50 billiún; de bhrí, chomh luath le hEarrach na bliana 2020, gur cuireadh cúnamh freagartha éigeandála ar fáil ar luach EUR 11.2 billiún i dtacaíocht ghnó, EUR 7.6 billiún in ath-leithdháileadh AE le haghaidh gníomhaíochtaí sláinte agus EUR 4.1 billiún i dtacaíocht dhíreach le haghaidh oibrithe;

D. de bhrí gur mhol an Coimisiún, an 2 Aibreán 2020, mar chuid d'fhreagairt an Aontais ar ráig COVID-19, an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála (ESI) a chur i ngníomh;

E. de bhrí gurbh í an Chomhairle amháin a ghlac an cinneadh maidir lena ghníomhachtú, gan an Pharlaimint a bheith rannpháirteach i gcomhréir leis na forálacha um ghníomhachtú atá leagtha síos in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2016/369 ('Rialachán ESI')[20];

F. de bhrí gur ionstraim aisghabhála shealadach ar fiú thart ar EUR 800 billiún i bpraghsanna reatha é NextGenerationEU, a bunaíodh chun tacú le téarnamh AE ó phaindéim an choróinvíris agus chun cabhrú le hEoraip níos glaise, níos digití agus níos athléimní a thógáil;

G. de bhrí, mar gheall ar chineál práinneach na géarchéime, go ndearnadh nósanna imeachta soláthair agus modhanna rialaithe a dhéanamh níos solúbtha in go leor

[18] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0337.
[19] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0288.
[20] IO L 70, 16.3.2016, lch. 1-6.

áiteanna chun dlús a chur leis an gcur chun feidhme;

H. de bhrí nach dtugtar dóthain airde sna pleananna freagartha ar rialachas agus ar fhadhb na ngníomhaíochtaí neamhdhleathacha amhail éilliú agus calaois, agus ar bhearta chun neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha a sheachaint;

I. de bhrí go gcruthaíonn géarchéim deiseanna mórán sáruithe a dhéanamh ar an tsláine agus go bhféadfadh sí cur leis an gcalaois agus leis an éilliú, mar aon le neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha, go háirithe sa soláthar poiblí, i bpacáistí spreagtha eacnamaíoch agus in eagraíochtaí poiblí;

J. de bhrí, de réir na Cúirte Iniúchóirí, nach leor an aird a tugadh ar chosc na calaoise agus nach bhfuil faisnéis chuimsitheach ag an gCoimisiún maidir le scála, cineál agus cúiseanna na calaoise; de bhrí nach bhfuil an staidreamh oifigiúil maidir le calaois arna brath iomlán agus nach ndearna an Coimisiún aon mheasúnú ar chalaois neamhbhraite go dtí seo[21];

K. de bhrí gur bagairt mhór é an t-éilliú sa réimse príobháideach agus poiblí agus go bhfuil tionchar díréireach aige ar na grúpaí is leochailí, toisc go bhfuil sé ina chúis le caillteanas acmhainní atá ina bhagairt don fhás fadtéarmach, do chosaint shóisialta agus don rochtain chothrom ar sheirbhísí poiblí (lena n-áirítear sláinte, oideachas agus ceartas), a laghdaíonn an mhuinín phoiblí, a mhéadaíonn éagothromaíochtaí sóisialta agus a bhaineann an bonn ó bhunluachanna an Aontais; de bhrí go bhfuil sé riachtanach tuiscint níos fearr a fháil ar chúiseanna an éillithe ionas go mbeifear in ann comhrac go héifeachtach i gcoinne an fheiniméin sin agus i gcoinne na n-iarmhairtí díobhálacha a bhíonn aige;

L. de bhrí go bhfuil líon méadaitheach grúpaí coireachta eagraithe ann atá gníomhach san Aontas, ar minic a bhfuil cumhacht trasteorann acu; de bhrí go bhfuil an feiniméan sin ag éirí níos casta, agus margaí coiriúla agus *modi operandi* nua ag teacht chun cinn mar thoradh ar an domhandú agus ar theicneolaíochtaí nua, rud a fhágann gur féidir oibriú ó áit ar bith ar domhan agus ag am ar bith;

M. de bhrí go bhfuil cumais nua um brath agus um fhaireachán ann de thoradh na teicneolaíochta, lena laghdaítear an t-ualach ar imscrúdaitheoirí agus lena gcumasaítear bearta forfheidhmithe níos cliste a dhearadh;

N. de bhrí go bhfuil sláine chóras airgeadais an Aontais spleách ar thrédhearcacht eintiteas corparáideach agus eintiteas dlíthiúil eile, iontaobhas agus socruithe dlíthiúla comhchosúla;

O. de bhrí go bhfuil roinnt beart déanta ag an gCoimisiún chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhaineann le héilliú agus le mí-úsáid cistí san Aontas, lena n-áirítear dul chun cinn maidir lena thograí reachtacha ar fhrithsciúradh airgid; ar chosaint do sceithirí, ar an soláthar poiblí agus ar an sásra Eorpach um an smacht reachta;

P. de bhrí, de réir na tuarascála is déanaí ó *Transparency International* agus ó Lárionad

[21] Comhrac i gcoinne na calaoise i gcaiteachas AE: an gá le gníomhaíocht (europa.eu)

Comhoibrithe na hEagraíochta Domhanda Sláinte[22], nach bhfuil lán-urraim á tabhairt ag an gCoimisiún Eorpach dá ghealltanais féin maidir le trédhearcacht agus maidir le prionsabail idirnáisiúnta 'dea-chleachtais' i ndáil le trédhearcacht conarthaí poiblí, agus an iomarca folaithe á úsáid aige chun gnéithe den téacs sna conarthaí Comhaontuithe Réamhcheannaigh (APAnna) a chlúdach; de bhrí go bhfuil sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún faoin dlí, áfach, urraim a thabhairt d'fhorálacha an Rialacháin Airgeadais, agus gur gá struchtúr níos fearr agus feabhsaithe le haghaidh freagairt níos gasta ón gCoimisiún i gcás géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo;

Q. de bhrí, chun srian a chur leis an éilliú, go bhfuil gá le húinéireacht rialtais ar athchóirithe, le tacaíocht phoiblí, le gealltanas polaitiúil, le comhar idirnáisiúnta, agus le hiarracht chomhpháirteach leis an tsochaí shibhialta agus leis an earnáil phríobháideach;

R. de bhrí, i staid ard-ionchais, dianbhrú agus méideanna caiteachais nach bhfacthas a leithéid cheana, go bhfuil an fhreagracht as dul i ngleic leis an dúshlán sin ar oifigigh phoiblí, a bhfuil gá acu le tacaíocht iomchuí chun déileáil leis na caighdeáin ghairmiúla mhéadaithe agus le deacrachtaí nua i dtaca lena misean a chur i gcrích; de bhrí, ina theannta sin, go bhféadfadh sé nach dtiocfadh oifigigh ar an eolas go pras faoi chásanna coinbhleachta leasa;

S. de bhrí, i staid ard-ionchais, dianbhrú agus méideanna caiteachais nach bhfacthas a leithéid cheana, go bhfuil sé bunriachtanach go léireodh oifigigh phoiblí urraim dá gcaighdeáin ghairmiúla mhéadaithe, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le rioscaí a eascraíonn as staideanna coinbhleachta leasa;

T. de bhrí go bhfuil fianaise ann go mbíonn tionchar dearfach ag an ngairmiúlú agus ag pá leordhóthanach sa soláthar poiblí ar oifigigh phoiblí maidir le staonadh ón éilliú[23];

U. de bhrí, le Conradh Liospóin, go ndeachthas i dtreo ról Pharlaimint na hEorpa a neartú, chun níos mó comhleanúnachais, grinnscrúdú parlaiminteach agus cuntasacht dhaonlathach a bhaint amach;

V. de bhrí go bhfuil an comhrac in aghaidh an éillithe bunriachtanach chun leasanna airgeadais AE a chosaint agus chun muinín na saoránach as institiúidí AE a chothú;

1. á aithint gur dearbhaíodh leis na géarchéimeanna a bhí ann le déanaí gur gá a bheith in ann infheistíocht a chur chun úsáide agus tacaíocht airgeadais a thús-ualú díreach ó na chéad bhlianta den téarnamh; á chur in iúl gurb eol di nach mór, i dtráth géarchéime, acmhainní a chur ar fáil laistigh de spriocdhátaí dochta agus i gcúinsí atá ag athrú go tapa; ag tabhairt le fios, mar gheall ar mhéid suntasach acmhainní breise atá le caitheamh i ngiorracht ama, go méadaítear an brú atá ar chórais rialaithe; á chur i bhfáth, mar sin féin, gur gá cur chun úsáide gasta cistí agus glacadh pras gníomhartha reachtacha a chomhlánú le bearta riaracháin leormhaithe; á chur in iúl go bhféadfadh baol méadaithe éillithe, calaoise agus neamhrialtachtaí eile a bheith ann mar thoradh ar

[22] http://ti-health.org/wp-content/uploads/2021/05/For-Whose-Benefit-Transparency-International.pdf
[23] https://ec.europa.eu/anti fraud/sites/default/files/docs/body/identifying_reducing_corruption_in_public_procurement_en.pdf

an mbrú chun faoiseamh a chur ar fáil agus an spreagadh atá ann na hacmhainní a úsáid a luaithe is féidir, agus go n-éilítear bearta coisctheacha éifeachtúla agus próisis bainistithe rialaithe i gcás den sórt sin; ag athdhearbhú gur gá do gach nós imeachta soláthair cloí leis na caighdeáin is airde oscailteachta, trédhearcachta agus cuntasachta;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta spriocdhírithe a áireamh ina straitéisí frithéillithe faoi seach, atá tiomnaithe d'airgead poiblí a chaitheamh tráth géarchéime; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis an méid sin, go bhfuil feidhm ag na rialacha maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais freisin i gcás tacaíocht éigeandála agus ionstraimí tacaíochta éigeandála amhail CRII, CRII+, REACT-EU agus an tSaoráid um Théarnamh agus um Athléimneacht (RRF);

3. ag tarraingt aird ar an ról tábhachtach atá ag bearta coisctheacha i dtaca le rioscaí éillithe i staideanna géarchéime a thuar agus i dtaca le freagairt éifeachtach a thabhairt orthu agus i dtaca le beartais frithéillithe agus sláine a neartú, mar aon leis na comhlachtaí a fhorfheidhmíonn iad agus, dá bhrí sin, i dtaca le rialachas foriomlán a fheabhsú; á chreidiúint, i ndáil leis sin, go dtabharfaidh géarchéim COVID-19 orainn díriú níos géire ar an rialachas sna blianta amach romhainn mar thoradh ar an méadú atá tagtha ar na hiarrachtaí chun dul i ngleic le héifeachtaí agus costais mhillteacha na paindéime ar dhaoine agus ar gheilleagair;

4. á chreidiúint gur réamhchoinníoll bunriachtanach é an smacht reachta le haghaidh chomhlíonadh phrionsabal an bhainistithe fhónta cistí éigeandála mar chuid de bhuiséad AE; á mheabhrú go mbíonn feidhm ag an smacht reachta i gcónaí, lena n-áirítear tráth géarchéime, agus gur gá go n-áiritheofaí comhlíonadh an smachta reachta agus phrionsabal na comhréireachta agus an riachtanais le bearta éigeandála, agus gur gá go mbeadh teorainn ama leo agus go ndéanfaí grinnscrúdú rialta orthu maidir lena dtionchar;

5. á thabhairt chun suntais, go mbíonn tionchar freisin ag staideanna éigeandála, go háirithe géarchéimeanna sláinte agus sábháilteachta ar fheidhmiú údarás poiblí agus go gcruthaítear deiseanna leo go mbeadh sáruithe ar an tsláine ann, ar féidir le mí-úsáid cistí agus éilliú a bheith mar thoradh orthu ag am ina mbíonn brú ar acmhainní poiblí cheana féin; ag spreagadh an Choimisiúin aghaidh a thabhairt ar athléimneacht institiúidí AE i staideanna den sórt sin chun cistí éigeandála a chosaint;

6. á athdhearbhú gur gá trédhearcacht fhoriomlán thimpeallacht eacnamaíoch agus airgeadais an Aontais a mhéadú, ós rud é nach féidir leis an gcosc ar choireanna eacnamaíocha agus airgeadais a bheith éifeachtach mura rud é go gcuirtear cosc ar choirpigh a iarraidh a ngníomhartha a cheilt faoi struchtúir neamh-thrédhearcacha;

7. á chur in bhfios go láidir, i ndáil leis sin, nach féidir leis an Aontas – idir a institiúidí agus na Ballstáit – acmhainní luachmhara a chailleadh an lá is fearr, agus gur lú fós is féidir le linn na paindéime agus ina diaidh;

8. ag aithint na n-iarrachtaí uile arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun athchóirithe trédhearcachta, rialaithe agus frith-éillithe a mhéadú sna Ballstáit trí bhíthin a bhosca uirlisí fheabhsaithe maidir leis an smacht reachta; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, áfach, gur cuireadh in aghaidh chur chun feidhme na n-athchóirithe sin go pointe áirithe i roinnt Ballstát, ar féidir é a mhíniú i bhformhór na gcásanna le bearnaí reachtacha nó

institiúideacha, nó i gcásanna an-sonracha, leis an bhfíoras go ndéanann siad difear do leasanna pearsanta na reachtóirí agus na n-oifigeach rialtais atá i gceannas ar a bhforfheidhmiú; ag áitiú gur gá cosc a chur ar aon choinbhleachtaí leasa iarbhír nó féideartha a dhéanann difear do reachtóirí agus d'oifigigh rialtais agus gur gá do na Ballstáit creataí láidre frith-éillithe a chur ar bun;

9 á mheabhrú gur gá tuilleadh iarrachta a dhéanamh maidir le rialuithe *ex ante* a mhéid a bhaineann le hinrianaitheacht cistí, go háirithe i gcásanna ina ndearnadh rialuithe agus meastóireachtaí den sórt sin faoi bhearta eisceachtúla; ag athdhearbhú go bhfuil tuairisciú éifeachtúil agus trédhearcach, iniúchtaí neamhspleácha *ex post* agus nósanna imeachta cuntasachta, agus bealaí oscailte cumarsáide leis an tsochaí shibhialta agus leis an earnáil phríobháideach de dhíth ar rialtais agus ar údaráis phoiblí eile chun a áirithiú go bhfuil an t-airgead agus na cistí ag cuidiú go hiarbhír leis na daoine is mó a bhfuil an cúnamh sin ag teastáil uathu; á chur i bhfios go bhfuil sé tábhachtach faisnéis a thabhairt don phobal le linn staideanna géarchéime atá cothrom le dáta, trédhearcach agus iontaofa;

10. ag cur béim ar an ról ríthábhachtach atá ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus iriseoirí imscrúdaitheacha maidir le héilliú a cháineadh; á chur in iúl gur oth léi, dá bhrí sin, gur ghlac roinnt Ballstát bearta le linn phaindéim COVID-19 lenar cuireadh bac ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid agus go raibh ar ghairmithe meán cur suas le deacrachtaí agus diúltú gan údar, mar aon le brú agus bagairtí maidir le rochtain ar dhoiciméid phoiblí; á chreidiúint go bhfuil sé tábhachtach saoránaigh a choinneáil rannpháirteach agus ar an eolas maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe agus iad a chosaint go hiomlán ar iarmhairtí diúltacha pearsanta agus gairmiúla, go háirithe i gcásanna sceithireachta; á athdhearbhú, i ndáil leis sin, gur gá Treoir (AE) 2019/1937 maidir le cosaint do sceithirí a chur chun feidhme go pras;

11. á chur i bhfios go láidir go bhfuil rannpháirtíocht na saoránach i gcinnteoireacht phoiblí ríthábhachtach chun freagairt rathúil a thabhairt i staideanna éigeandála; ag tathant ar na Ballstáit pleananna cuimsitheacha bainistithe géarchéime a fhorbairt chun ullmhú do chásanna comhchosúla amach anseo agus coimircí a áireamh do ról na sochaí sibhialta mar fhoras faire poiblí; á mheabhrú gur cuid lárnach í rochtain phoiblí ar dhoiciméid i bhformáid mheaisín-inléite chun trédhearcacht agus grinnscrúdú ar chaiteachas poiblí a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún na hardáin chearta a chur ar fáil don rannpháirtíocht agus ag meabhrú na ndeiseanna reatha chun cásanna líomhnaithe calaoise a thuairisciú d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF);

12. á thabhairt dá haire go mbíonn claonadh ag rialtais, agus iad i lár géarchéim eacnamaíoch, shlándála nó shláinte, nósanna imeachta conarthacha a dhéanamh níos solúbtha chun freagairt go pras ar an ngéarchéim sin; á chur i bhfáth go ndéantar foráil cheana le Treoir AE maidir le Soláthar Poiblí do nósanna imeachta atá i bhfad níos tapúla agus ar lú an t-ualach riaracháin a bhaineann leo agus gur cheart do rialtais na mBallstát na nósanna imeachta sin a bhainistiú faoi chuimsiú na gceanglas dlíthiúil atá i bhfeidhm; á thabhairt chun suntais, gur cheart go mbeadh treorú ar leith ag gabháil le haon mhaolú ar nósanna imeachta agus ar bhearta simpliúcháin, a d'fhéadfadh a bheith riachtanach le linn géarchéimeanna chun earráidí costasacha agus neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha mar gheall ar chastacht na rialacha a chosc, agus gur cheart

grinnscrúdú dian a dhéanamh orthu trí bhíthin sásraí *ex post*;

13. á chur in iúl gur geal léi an ghníomhaíocht chomhordaithe agus chinntitheach ar leibhéal an Aontais a d'fhág gur glacadh pacáiste leathan tionscnamh, NextGenerationEU, lena spriocdhírítear ar iarmhairtí phaindéim shuaiteach COVID-19 ar shláinte na saoránach agus ar ghnólachtaí ar fud an Aontais; á chur i bhfáth, áfach, go bhfuil an méadú nach bhfacthas riamh cheana ar chistiú AE i mbaol méadaithe maidir le héilliú agus calaois, agus go bhfuil dúshláin bhreise ag gabháil leis ó thaobh faireacháin agus cuntasachta de; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit neartú agus cur chun feidhme a dhéanamh ar bheartais frith-éillithe;

14. á mheabhrú, d'fhonn trédhearcacht, cuntasacht agus éifeachtúlacht chaiteachas AE a áirithiú, go bhfuil tábhacht ag baint leis na córais faireacháin agus iniúchóireachta faoi na cistí bainistíochta comhroinnte; á athdhearbhú go bhfuil ról bunriachtanach ag an bParlaimint maidir le grinnscrúdú a dhéanamh ar an bpacáiste spreagtha agus gur gá don Choimisiún í a choimeád ar an eolas go rialta maidir lena chur chun feidhme;

15. ag tabhairt dá haire, a bhuí leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF)[24], an phríomhionstraim atá i gcroílár NextGenerationEU, gur féidir deontais (suas le EUR 312 bhilliún) agus iasachtaí (suas le EUR 360 billiún)[25] a thairiscint do na Ballstáit d'infheistíochtaí poiblí agus d'athchóirithe atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar laigí struchtúracha agus ar gheilleagair na mBallstát a dhéanamh níos athléimní, agus iad ag díriú freisin ar aistriú inbhuanaithe, claochlú digiteach, comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, athléimneacht institiúideach agus Colún na gCeart Sóisialta;

16. á chur in iúl gur geal léi tarmligean na cumhachtaí chuig an gCoimisiún chun go mbunófar, trí bhíthin gníomh tarmligthe, scórchlár chun dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme phleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát;

17 á mheabhrú go mbeidh an scórchlár ina bhunús don idirphlé maidir le téarnamh agus athléimneacht agus gur cheart don Choimisiún é a thabhairt cothrom le dáta dhá uair sa bhliain; á iarraidh ar an gCoimisiún, i ndáil leis sin, a áirithiú go ndéanfar faireachán cuimsitheach agus géar ar an dul chun cinn a bhainfear amach i gcur chun feidhme na ngarspriocanna agus na spriocanna a leagtar amach, i gcomhréir leis an Rialachán maidir leis an tSaoráid Athléimneachta agus Téarnaimh (RRF), ar bhonn na gcomhtháscairí agus na modheolaíochta tuairiscithe atá bunaithe; á mheabhrú, thairis sin, go bhfuil RRF faoi cheangal coinníollacha lena ráthaítear úsáid thrédhearcach an airgid arna eisíoc agus ar cheart dóibh éilliú nó calaois, cistiú dúbailte nó coinbhleacht leasa a chosc, agus á chreidiúint gur cheart síneadh a chur le rialuithe freisin chun go gcumhdófar costais arna dtabhú iarbhír ag na tairbhithe deiridh; á chur in iúl gur geal léi, a bhuí le Parlaimint na hEorpa, go bhfuil oibleagáid ar na Ballstáit anois faisnéis a thabhairt faoi fhaighteoirí deiridh;

18. ag spreagadh an Aontais agus na n-údarás náisiúnta ionchur na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a chur san áireamh agus bearta éigeandála agus téarnaimh á bhforbairt agus á gcur chun feidhme acu;

---

[24] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A32021R0241

[25] An dá cheann i bpraghasanna 2018.

19. á thabhairt dá haire gur áitigh an Pharlaimint, sa rún uaithi ar thuairimí na Parlaiminte maidir leis an measúnú reatha ag an gCoimisiún agus ag an gComhairle ar phleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, go mbeadh trédhearcacht agus cuntasacht láidir ann ar thaobh an Choimisiúin, na mBallstát agus na gcomhpháirtithe cur chun feidhme uile sa phróiseas cur chun feidhme;

20. á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán críochnúil a dhéanamh ar rioscaí ionchasacha do leasanna airgeadais AE agus gan dul ar aghaidh le haon íocaíocht mura gcomhlíontar na garspriocanna atá nasctha le bearta chun éilliú agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú; á iarraidh, thairis sin, ar an gCoimisiún na húdaráis bhuiséadacha a chur ar an eolas láithreach maidir le gach cás nach n-íoctar cistí mar gheall ar líomhaintí maidir le mí-úsáid, éilliú, calaois nó sáruithe ar an smacht reachta agus i gcás nach bhfuil córais leordhóthanacha frithchalaoise i bhfeidhm ag na Ballstáit;

21. á chreidiúint gur cheart bainistiú fónta airgeadais a shaothrú agus nár cheart tosaíocht a thabhairt d'ionsú ar fheidhmíocht, ar ghnéithe maidir le luach ar airgead agus ar bhreisluach AE na gclár, agus, i gcás neamhrialtachtaí, gur cheart aisghabhálacha a áirithiú trí bhíthin ceartuithe airgeadais;

22. á iarraidh ar na Ballstáit measúnuithe riosca ar éilliú a chomhtháthú ar fud chéimeanna deartha agus seachadta na gclár, i réimsí na spreagthaí agus na bhfóirdheontas eacnamaíoch; ag tabhairt dá haire gur cheart aghaidh a thabhairt ar chásanna riosca ar bhealach cuimsitheach, agus cur chuige uilerialtais á úsáid i gcás inar féidir;

23. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhfuil níos mó trédhearcachta, mar aon le teicneolaíocht agus eolaíocht sonraí, ríthábhachtach maidir le héilliú a chosc agus a laghdú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i ndáil leis sin, úsáid iomlán a bhaint as na huirlisí atá ar fáil, amhail an Córas Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES), Arachne agus an Córas Bainistíochta Neamhrialtachtaí (IMS) chun oibreoirí eacnamaíocha lena ngabhann fadhbanna agus daoine aonair príobháideacha (nó daoine nádúrtha) atá nasctha leo a shainaithint go héifeachtach agus go héifeachtúil sa bhainistíocht dhíreach agus indíreach araon;

24. ag cur sonrú sna buntáistí breise a d'fhéadfadh a bheith ag comhroinnt faisnéise ó thaobh chomhrac an éillithe de; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a chinntiú go ndéanfar é sin trí chóras bailithe sonraí digiteach, idir-inoibritheach agus caighdeánaithe, agus ag spreagadh na mBallstát chun faisnéis a mhalartú eatarthu féin agus le comhlachtaí ábhartha AE araon (go háirithe Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), OLAF, OIPE agus Europol) chun comhoibriú ar bhonn níos dlúithe, go háirithe i staideanna géarchéime, d'fhonn feabhas a chur ar bhailiú sonraí, éifeachtacht rialuithe a fheabhsú agus aisghabháil cistí arna mí-úsáid a dhaingniú;

25. á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach a bheith ar an eolas faoi cé a bhaineann tairbhe as cistí AE chun éilliú, caiteachas neamhrialta agus mí-úsáid cistí a chosc; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil rochtain éasca faoi láthair, nó nach bhfuil rochtain ar chor ar bith, ar shonraí chun oibreoirí eacnamaíocha agus a n-úinéirí tairbhiúla a shainaithint[26]; á chreidiúint go mbeadh bunú bunachair sonraí aonair idir-inoibrithigh,

[26] Staidéar - *The Largest 50 Beneficiaries in each EU Member State of CAP and Cohesion Funds* [An 50 Tairbhí is Mó i ngach Ballstát de AE maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta agus na Cistí Comhtháthaithe],

ina léireofaí tairbhithe díreacha agus deiridh fhóirdheontais AE ina chéim thábhachtach i dtreo leigheas a fháil ar an staid sin;

26. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá do thairbhithe a bheith inaitheanta ar fud na mBallstát agus neamhspleách ar chistí, lena n-áirítear na cistí atá faoi bhainistíocht dhíreach agus faoi bhainistíocht chomhroinnte araon; á chur i bhfios go láidir gur cheart don bhunachar sonraí a bheith teorannaithe chun nach gcumhdaítear ach an fhaisnéis is gá agus gur féidir an fhaisnéis sin a fhoilsiú i gcomhréir le dlí-eolaíocht bhuan Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE); ag tathant ar na Ballstáit oibriú i gcomhar leis an gCoimisiún chun bunachar sonraí aonair agus láraithe den sórt sin a chruthú chun sreafaí airgid AE a rianú;

27. á áitiú gur gá EDES agus a raon feidhme a neartú i gcomhthéacs athbhreithniú spriocdhírithe ar an Rialachán Airgeadais atá ar na bacáin; á iarraidh ar an gCoimisiún raon feidhme EDES a leathnú chun cistí faoi bhainistíocht chomhroinnte a chumhdach, agus urraim chuí á tabhairt do phrionsabail na comhréireachta agus na hoiriúnachta;

28. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil rochtain iomlán ag OLAF agus CIE ar Uirlis Scorála Riosca Arachne agus go bhfuil oibleagáid orthu rochtain ar ríomh riosca Arachne a iarraidh ar bhonn cás ar chás, rud a dhéanann próiseas an mhalartaithe faisnéise níos casta, agus a chuireann bac, ar an gcaoi sin, ar phatrúin riosca atá ag teacht chun cinn a bhrath agus freagairt orthu; á mheas gur gá réiteach a aimsiú chun rochtain a thabhairt do OLAF agus CIE ar Uirlis Scorála Riosca Arachne; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart go mbeadh comhtháthú Arachne i gcórais bainistithe agus rialaithe náisiúnta éigeantach do gach údarás bainistíochta;

29. á iarraidh ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an bhfreagairt ar phaindéim COVID-19 ó roinnt dearcthaí, lena n-áirítear maidir le bearta frith-éillithe coisctheacha, anailís ar fhianaise eimpíreach agus ráta ionsúcháin éileamh íocaíochta, le féachaint cibé an ndearna nó nach ndearna éilliú difear don toradh agus cibé ar cloíodh leis an tsláine nó ar baineadh an bonn uaithi, agus tuairisciú ar ais chuig an bParlaimint ar na príomhthorthaí, chun lamháil di (mar an t-údarás urscaoilte) caibidil thiomnaithe a áireamh maidir le cistí éigeandála agus caiteachas a bhaineann le géarchéimeanna in urscaoileadh 2020;

30. á chur in iúl gur oth léi go mbaineann an Coimisiún úsáid fhorleathan as an uirlis chun codanna de chonarthaí APA a chlúdach; á áitiú, d'ainneoin íogaireacht na faisnéise, go bhfuil mionsonraí den sórt sin tábhachtach ó thaobh feabhas a chur ar chuntasacht agus ar an bhfreagairt dhomhanda ar an víreas; á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar ghnéithe trédhearcachta agus cuntasachta sa fhreagairt ar ghéarchéimeanna a bheidh ann amach anseo, ag rannchuidiú, ar an gcaoi sin, le feabhas a chur ar mhuinín an phobail, ag spreagadh díospóireacht phoiblí agus ag cur luachanna an Aontais chun cinn; ag tabhairt dá haire go gcuireann an Coimisiún Airteagal 38(3)(d) den Rialachán Airgeadais i bhfeidhm, lena dtagraítear don chás ina ndéantar dochar do leasanna tráchtála na bhfaighteoirí má nochtar rioscaí sonraí, agus ag éileamh chomhréireacht an ghrinnscrúdaithe éifeachtaigh agus á iarraidh go mbeadh

Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, An Roinn Beartais um Ghnóthaí Buiséadacha, Bealtaine 2021.

lánchuntasacht ar úsáid na n-acmhainní ar mhaithe le leas an phobail;

31. á chreidiúint, dá ndéanfaí sonraí ábhartha maidir le soláthar poiblí a chur ar fáil go poiblí lena n-anailísiú, agus rochtain shaor agus éasca orthu, i bhformáid oscailte chaighdeánaithe, in éineacht le sonraí faoi chiontuithe cúirte agus faoi chlárlanna cuideachtaí, d'fhéadfaí sé sin cosc agus brath cásanna féideartha éillithe a chothú go suntasach; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, dá bhrí sin, gur cheart faisnéis ábhartha maidir leis na conarthaí soláthair phoiblí ar fad (lena n-úsáidtear airgead poiblí) a chur ar fáil go poiblí, a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin tiomnaithe agus an méid folaithe is lú is féidir a dhéanamh orthu, agus ceanglais maidir le cosaint sonraí agus ceanglais dhlíthiúla eile á gcomhlíonadh ina n-iomláine;

32. ag tabhairt dá haire, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/369 an 15 Márta 2016 maidir le tacaíocht éigeandála a chur ar fáil laistigh den Aontas, go ndéanfaidh an Chomhairle an cinneadh ESI a ghníomhachtú ar bhonn togra ón gCoimisiún; d'ainneoin na nasc láidir atá aige le buiséad AE, ag cáineadh, áfach, go ndearnadh ESI a ghníomhachtú gan urraim a thabhairt go hiomlán do shainchumais na Parlaiminte mar údaráis buiséadach agus mar mhaoirseoir deiridh ar bhuiséad AE;

33. á chur in iúl gur oth léi, in ainneoin roinnt iarrachtaí forléargas soiléir a fháil, nach dtugtar rochtain do na Coistí um Buiséid agus um Rialú Buiséadach ar shonraí ábhartha maidir le cistí AE arna gcaitheamh faoi ESI chun conarthaí na gComhaontuithe Réamhcheannaigh (APAnna) a mhaoiniú, cistí arb ionann a luach agus thart ar EUR 2.5 billiún le haghaidh sé chonradh APA;

34. ag aithint go gcuireann an Comhaontú maidir le Soláthar Comhpháirteach[27] ar chumas Ballstát agus LEE agus tíortha eile téarmaí níos fearr a chaibidil go comhpháirteach chun trealamh leighis a sholáthar; á iarraidh ar an gCoimisiún, d'fhonn dea-chleachtais a bhunú le haghaidh géarchéimeanna amach anseo, measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht an Chomhaontaithe maidir le Soláthar Comhpháirteach agus ar stoc-charnadh trealamh leighis rescEU; ag tathant ar an gCoimisiún, ina theannta sin, creat soláthair phoiblí AE atá daingean agus trédhearcach a chur ar bun, nuair a bheidh cistí ó bhuiséad AE i gceist go hiomlán nó go páirteach, rud a d'fhagfadh gurbh fhéidir leis an bParlaimint grinnscrúdú cuimsitheach a dhéanamh, go háirithe maidir le réimsí móra caiteachais a bhaineann le cúrsaí eacnamaíocha, slándála nó sláinte;

35. ag tathant ar an gCoimisiún go n-áireofaí, san athbhreithniú ar an Rialachán Airgeadais, bunús dlí daingean le haghaidh úsáid éigeantach na sonraí soláthair phoiblí oscailte agus caighdeánaithe, agus córais TF maidir le rialú buiséad a dhéanamh éigeantach, poiblí, agus idir-inoibritheach le bunachair sonraí náisiúnta;

36. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oibriú i gcomhar le chéile i dtreo Straitéisí Frithchalaoise Náisiúnta (NAFSanna) stóinsithe a ghlacadh, ar straitéisí iad lenar féidir tairbhe a bhaint as gníomhaíochtaí roinnt eintiteas a chomhordú agus barrfheabhsú acmhainní agus cuimsiú na réimsí leasa uile (caiteachais faoi bhainistíocht

---

[27] https://ec.europa.eu/health/security/preparedness_response_ga

indíreach chomhroinnte, cistí náisiúnta, etc.) a áirithiú; ag tabhairt dá haire, faoi dheireadh 2020, go raibh nósanna imeachta NAFSanna glactha ag 14 Bhallstát agus go raibh nósanna imeachta seolta ag 5 Bhallstát chun é sin a dhéanamh; ag tabhairt dá haire gur dul chun cinn é sin i gcomparáid le 2019 cé gur oth léi nach bhfuil NAFSanna glactha ag na Ballstáit go léir go fóill nó nach bhfuil sé beartaithe acu é sin a dhéanamh; á chur in iúl gur ábhar imní di go bhfuil éagsúlachtaí móra idir na straitéisí reatha ó thaobh raoin agus doimhneachta de agus gur gá iad a thabhairt cothrom le dáta ina leith sin;

37. ag tathant ar na Ballstáit a gcuid caighdeán a chomhchuibhiú agus a ailíniú agus á iarraidh ar an gCoimisiún nósanna imeachta maidir le sárú a thionscnamh i gcoinne na mBallstát a dhiúltaíonn déanamh amhlaidh; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit feabhas a chur ar a gcuid straitéisí chun a áirithiú go mbeidh NAFSanna stóinsithe ann ar fud an Aontais;

38. á mheas go bhfuil sé tábhachtach sa tuarascáil maidir leis an smacht reachta atá le teacht ón gCoimisiún go ndéanfadh sé measúnú ní hamháin ar NAFSanna a bheith ann ach ar a éifeachtachtaí atá siad freisin; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, ina theannta sin, gur cheart do na tuarascálacha amach anseo maidir leis an smacht reachta cur leis na dea-chleachtais agus moltaí tírshonracha a chur ar fáil faoin gcaoi ar féidir aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a sainaithníodh nó sáruithe a leigheas, lena n-áirítear spriocdhátaí don chur chun feidhme, i gcás inarb iomchuí, agus tagarmharcanna a ndéanfar obair leantach ina leith á mheas gur cheart féachaint freisin ar na bearta a glacadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 agus a bhfuil tionchar acu ar an smacht reachta;

39. á mheabhrú go bhfuil sé ríthábhachtach leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus go bhfuil gá le hiarrachtaí leanúnacha, láidre ina leith sin ar gach leibhéal;

40. á áitiú go bhfuil gá le hobair chomhoibríoch i measc OIPE agus comhlachtaí eile AE amhail Eurojust, Europol agus OLAF chun imscrúduithe agus ionchúisimh choiriúla a dhéanamh laistigh den sainordú/raon freagrachta faoi seach; ag leagan béim ar an ról ríthábhachtach atá ag na hinstitiúidí agus na comhlachtaí thuasluaite i gcásanna éigeandála nó géarchéime chun dul i ngleic leo siúd a bhaineann mí-úsáid as cistí AE, agus ag aithint, i ndáil leis an méid sin, na socruithe oibre a síníodh eatarthu; á chur i bhfáth nach féidir comhoibriú éifeachtúil a dhéanamh ach amháin i gcás ina bhfuil tacaíocht pholaitiúil ag comhlachtaí AE agus ina bhfuil acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais curtha ar fáil dóibh;

41. ag cáineadh go ndearna an Coimisiún neamhaird ar iarraidh na Parlaiminte plean foirne OIPE a leathnú agus nár chuir sé comhaontú idir-réitigh 2020 chun feidhme; á chur in iúl an athuair go bhfuil breis acmhainní agus foirne ag teastáil ó OIPE agus OLAF araon chun éascú a dhéanamh ar an gcomhrac i gcoinne an éillithe, na calaoise, an chaiteachais neamhrialta agus mí-úsáid cistí;

42. á thabhairt chun suntais go mbíonn grúpaí coiriúla eagraithe ag feidhmiú gan teorainneacha agus gur níos minice anois a fhaigheann siad sócmhainní i mBallstáit lasmuigh de na Ballstáit ina bhfuil siad bunaithe agus i dtríú tíortha;

43. á iarraidh go mbeadh comhar idirnáisiúnta éifeachtach méadaithe ann maidir le fianaise

a ghlacadh, aitheantas frithpháirteach, seirbheáil doiciméad, agus coigistiú agus reo sócmhainní, d’fhonn na hacmhainní a thabhairt do na húdaráis inniúla fáltais ón gcoireacht a rianú, a reo, a bhainistiú agus a choigistiú; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, tacú leis an gcomhchuibhiú uile-Aontais ar shainmhínithe ar chionta éillithe agus an comhchuibhiú sin a chur chun cinn, agus úsáid níos fearr a bhaint as na tacair sonraí agus as an modheolaíocht atá ann cheana chun tacair sonraí nua a fhorbairt chun sonraí comparáideacha a fháil as gach cearn den Aontas maidir le cásanna éillithe a láimhseáil;

44. á iarraidh go mbeadh comhar níos mó ann idir ionadaithe na n-údarás náisiúnta agus OLAF chun a áirithiú go dtabharfar aird chuí ar na himscrúduithe a dhéantar a bhaineann le calaois a dhéanann dochar do bhuiséad AE;

45. á chur i bhfios go láidir go bhfuil moltaí cuimsitheacha déanta ag an nGrúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta (GSE) do na Ballstáit maidir le hairgead poiblí a úsáid i gcásanna géarchéime nó éigeandála; á iarraidh ar na Ballstáit go léir na moltaí sin a chur chun feidhme ina n-iomláine, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar an trédhearcacht agus ar an gcuntasacht; á chur in iúl gur díol sásaimh di, i ndáil leis sin, go bhféadfadh AE dul isteach in GSE mar chomhalta iomlán de;

46. á chur in iúl gur díol sásaimh di na tograí reachtacha arna gcur i láthair ag an gCoimisiún chun rialacha frithsciúrtha airgid an Aontais a neartú agus chun cur i gcoinne rialacha maidir le maoiniú na sceimhlitheoireachta, á iarraidh go ndéanfar an creat a bheidh ann amach anseo a chur chun feidhme go héifeachtúil agus go comhsheasmhach, ina dtuarfar staideanna éigeandála ina bhféadfaidh cobhsaíocht agus slándáil san Aontas a bheith i gcontúirt;

47. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis imní di, tátal Europol gur dúchasacha digiteacha iad coirpigh anois, rud a chiallaíonn go mbaineann gné ar líne le gach gníomhaíocht choiriúil, nach mór, agus go bhfuil a lán coireanna tar éis ascnamh ar líne go hiomlán; á chur in iúl gur ábhar imní di leis na teicneolaíochtaí nua go bhféadfar leanúint de choireanna traidisiúnta a dhéanamh ar bhealach neamhthraidisiúnta, ó áit ar bith ar domhan am ar bith; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit infheistíocht chinntitheach a dhéanamh agus gealltanas láidir polaitiúil a thabhairt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua sin;

48. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go dtugann an dul chun cinn i réimse na hintleachta saorga deis mhór don earnáil phoiblí maidir le calaois a bhrath agus a chosc, mar shampla trí acmhainneacht anailíseach lárnach an Choimisiúin a neartú, mar gur féidir le huirlisí TF na sonraí riachtanacha a chnuaschóipeáil, a nascadh agus anailís a dhéanamh orthu agus neamhrialtachtaí, calaois agus éilliú féideartha a bhrath; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit úsáid a bhaint as córas aonair comhtháite, idir-inoibritheach faisnéise agus faireacháin, lena gcuimsítear uirlis aonair mianadóireachta sonraí agus scórála riosca chun rochtain a fháil ar na sonraí ábhartha agus anailís a dhéanamh orthu agus iontaofacht an rialaithe a mhéadú, d’fhonn go gcuirfear i bhfeidhm ar bhealach ginearálaithe é, lena n-áirítear le cabhair ón Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil;

49. ag tabhairt dá haire gur gá sonraí a bhailiú maidir leo siúd a bhaineann tairbhe, go

díreach nó go hindíreach, as cistiú ón Aontas faoi bhainistíocht chomhroinnte agus maidir le tionscadail agus athchóirithe a dtacaíonn RRF leo, lena n-áirítear sonraí maidir le húinéirí tairbhiúla fhaighteoirí an chistiúcháin, chun rialuithe agus iniúchtaí éifeachtacha a áirithiú, agus gur cheart na rialacha a bhaineann le bailiú agus próiseáil sonraí den sórt sin a bheith i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí;

50. á thabhairt chun suntais na tairbhí a bhaineann le cláir talún dhigiteacha chun críche trédhearcachta úinéireachta agus éilliú a chosc agus a chomhrac; á chur in iúl gur díol sásaimh di na tionscnaimh ón gCoimisiún na cláir sin a chur chun feidhme ar fud an Aontais; á iarraidh ar na húdaráis náisiúnta oibriú i gcomhar leis an gCoimisiún i dtreo chur chun feidhme cuimsitheach na gclár sin;

51. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart go n-áireofaí ar chóras láraithe faisnéise agus faireacháin ceanglais soláthair lena ngabhann sonraí uile-Aontais, de réir tíre, atá ar fáil go poiblí do chonraitheoirí agus d'údaráis chonarthacha chun sonraí sonracha tionscadail a thuairisciú go córasach, dul chun cinn maidir le garspriocanna a bhaint amach agus na húinéirí tairbhiúla díreacha agus deiridh (i bhformáid chaighdeánaithe); á chreidiúint gur cheart córas den sórt sin a chruthú chun bailiú, idir-inoibritheacht agus láimhseáil sonraí ar leibhéal an Aontais a éascú, agus chun rialuithe agus iniúchtaí éifeachtacha a áirithiú; á chur i bhfios go láidir gur cheart an córas a theorannú don fhaisnéis atá riachtanach agus gur cheart go bhféadfaí faisnéis a fhoilsiú i gcomhréir le dlí-eolaíocht bhuan CBAE; ag tabhairt le fios, áfach, go bhféadfaí leibhéal idirmheánach a thabhairt isteach ar an leibhéal náisiúnta (i.e. pointe bailithe díláraithe) chun an cleachtadh maidir le bailiú sonraí a éascú, agus éagsúlachtaí teanga agus saintréithe áitiúla (amhail freagrachtaí réigiúnacha) á gcur san áireamh;

52. á mholadh go n-úsáidfí córais maidir le nochtadh airgeadais/dearbhú sócmhainní chun éilliú a chosc, a bhrath agus a imscrúdú agus/nó a ionchúiseamh d'fhonn cuntasacht agus feasacht a chur chun cinn i measc oifigigh phoiblí, agus ar an gcaoi sin coinbhleachtaí leasa a sheachaint;

53. á chreidiúint gur féidir le hardáin sonraí sásraí maoirseachta a neartú agus feabhas a chur ar chomhroinnt éifeachtach faisnéise le ranna eile rialtais;

54. á chreidiúint go bhfuil tairbhí ag baint le gairmiúlú agus pá leordhóthanach sa soláthar poiblí, eadhon gur cleachtas dearfach é foireann soláthair phoiblí a bheith ann atá speisialaithe, dea-oilte agus a fhaigheann pá maith agus a roinneann a cuid saineolais, eolais agus faisnéise (margaí), thar theorainneacha na mBallstát chomh maith, cleachtas atá le cur chun feidhme in éineacht le teicnící eile coiscthe éillithe;

55. á mholadh do na Ballstáit leas mar is ceart a bhaint as cistiú agus cláir an Aontais; á iarraidh ar na húdaráis náisiúnta dul i gcomhar le OLAF chun oiliúint a chur ar fhoireann i ndáil leis na cineálacha éagsúla calaoise, treochtaí, bagairtí agus rioscaí, éillithe agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais AE;

56. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

12.10.2021

# TUAIRIM ÓN gCOISTE UM SHAOIRSÍ SIBHIALTA, UM CHEARTAS AGUS UM GHNÓTHAÍ BAILE

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir leis an meastóireacht ar bhearta coisctheacha chun éilliú, caiteachas neamhrialta agus mí-úsáid chistí AE agus cistí náisiúnta a sheachaint i gcás cistí éigeandála agus réimsí caiteachais a bhaineann le géarchéimeanna
(2020/2222(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Tomáš Zdechovský

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á aithint go bhféadfadh tionchar díreach a bheith ag bearta géarchéime ar an gcothromaíocht idir cumhachtaí éagsúla an stáit agus á aithint go bhféadfaí iallach a chur ar rialtais agus ar údaráis áitiúla bearta éigeandála a ghlacadh le níos lú comhairliúchán poiblí ná mar a bheifí ag súil leis go ginearálta chun cosc a chur ar ghéarchéimeanna tromchúiseacha eacnamaíocha agus sóisialta an bonn a bhaint ón daonlathas agus ón smacht reachta; á chreidiúint gur cheart na bearta sin a bheith teoranta ó thaobh ama de, comhréireach agus riachtanach agus nár cheart iad a úsáid choíche chun cothromaíocht na gcumhachtaí a athrú ar bhealach níos buaine; á mheabhrú gur cheart an-tábhacht a thabhairt do bheith ag cloí le córas éifeachtach seiceálacha agus ceartúchán agus d’urraim a thabhairt don smacht reachta, cearta bunúsacha agus cuntasacht dhaonlathach maidir le gach gníomhaíocht a dhéantar mar fhreagairt ar éigeandáil;

2. á mheabhrú, gan beann ar an modh cur chun feidhme, nach mór do na Ballstáit na prionsabail sin a urramú aon uair a chuirfidh siad buiséad an Aontais chun feidhme; á mheas gur réamhchoinníollacha iad calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc agus a ionchúiseamh go héifeachtach chun bainistíocht fhónta airgeadais a chomhlíonadh mar a chumhdaítear in Airteagal 317 CFAE; ag meabhrú tuilleadh gur cheart do straitéisí i gcoinne éillitheachta, caiteachas neamhrialta agus mhí-úsáid chistí an Aontais a bheith cuimsitheach agus trédhearcach;

3. ag cur béim ar an ngá atá le sásraí éifeachtacha a chur ar bun chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chistithe éigeandála lena áirithiú go sroicheann an cistiú éigeandála ar fad na tairbhithe atá beartaithe dó agus go bhfuil na ceanglais trédhearcachta, cearta bunúsacha, an smacht reachta agus oibleagáidí dlíthiúla eile á

gcomhlíonadh go hiomlán aige, go háirithe bainistiú fónta airgeadais; á chreidiúint, dá bhrí sin, nach mór cistiú poiblí a bheith inrianaithe i gcónaí chun na ceanglais a chomhlíonadh ó thaobh cuntasachta, trédhearcachta agus faireacháin de; á chur in iúl gur cúis bhuartha di maidir le leibhéal áirithe friotaíochta i roinnt Ballstát i ndáil le bearta frith-éillithe agus athchóirithe trédhearcachta, ar féidir le leas pearsanta roinnt reachtóirí agus oifigeach rialtais é a mhíniú i bpáirt; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar chomhlachtaí ábhartha an Aontais, laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí, imscrúduithe neamhspleácha a dhéanamh ar thuarascálacha ar neamhchomhlíonadh na rialacha cistiúcháin agus á chur in iúl go bhfuil sí ag dréim leis go mbainfidh an Coimisiún úsáid as a chumhachtaí chun cistiú ón Aontas a chur ar fionraí nó a aisghabháil i gcásanna inar suíodh neamhchomhlíonadh;

4. á chur i bhfios go láidir gur cruthaíodh, leis an bhfreagairt éigeandála ar ghéarchéim COVID-19 atá ann faoi láthair, timpeallacht fhabhrach do ghníomhaíochtaí coiriúla méadaithe agus, go sonrach, don éilliú, mar a dhearbhaítear i gcásanna ardleibhéil suntasacha i roinnt Ballstát; á mheas, dá bhrí sin, gur cheart sásraí chun éilliú a chosc agus a bhrath a áireamh i bhfreagairtí ar an ngéarchéim sin ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, ó stáit agus ó eintitis phríobháideacha; á chreidiúint go gcaithfidh an fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19 cloí leis na caighdeáin is airde oscailteacht, trédhearcacht, cuntasacht agus forfheidhmiú dlí, mar chomhpháirteanna bunriachtanacha de rialachas daonlathach bunaithe ar an smacht reachta;

5. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún athbhreithniú cúramach a dhéanamh ar na beartais a d’achtaigh siad le linn ghéarchéim COVID-19 agus na sásraí agus na prótacail atá ann cheana a fheabhsú agus cinn nua a shainiú d’aon chaiteachas éigeandála amach anseo, chun leibhéal trédhearcachta an chaiteachais phoiblí a mhéadú, agus béim ar leith á leagan ar bhearta coisctheacha; ag tabhairt dá haire gur féidir leis an gCoimisiún rialú *ex-ante* agus *ex-post* a fheidhmiú ar chistí AE; á chur in iúl gur oth léi, i ndáil leis sin, go bhfuil drogall ar an gCoimisiún na hacmhainní atá ar fáil dó a úsáid, go háirithe na bearta dá bhforáiltear maidir le coinníollacht an smachta reachta, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021;

6. ag cur béim, thairis sin, ar an ngá atá le fíorú *ex ante* ar reachtaíocht agus ar chleachtais frithéillithe sna Ballstáit; á iarraidh ar an gCoimisiún garspriocanna frith-éillithe a áireamh ina thograí le haghaidh cinntí ón gComhairle maidir leis an measúnú ar na pleananna téarnaimh agus athléimneachta a fhormheas i gcásanna ina bhfuil baol ann go mbainfí mí-úsáid as cistí; ag cur béim ar an bhfíoras go ndéantar foráil cheana le Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint agus ón gComhairle maidir le soláthar poiblí[1] (Treoir AE maidir le Soláthar Poiblí) do nósanna imeachta atá tapa agus ar lú an t-ualach riaracháin a bhaineann leo agus nár cheart do rialtais na mBallstát na nósanna imeachta sin a bhainistiú lasmuigh de na ceanglais dhlíthiúla;

7. á chur i bhfios go mbaineann an t-éilliú, go ginearálta, an bonn d’fheidhmiú na n-údarás stáit agus poiblí ar gach leibhéal agus go bhfuil sé ar cheann de phríomhchumasóirí na coireachta eagraithe agus ar bhealach is mó ná sin i dtráth géarchéime; ag cur béim ar an bhfíoras gur féidir le hinstitiúidí neamhspleácha, amhail breithiúna neamhspleácha agus ionchúisitheoirí, creataí éifeachtacha frith-éillithe agus trédhearcacht agus sláine i

[1] IO L 94, 28.3.2014, lch. 65.

bhfeidhmiú na cumhachta stáit córais dlí agus muinín as údaráis phoiblí agus as próisis dhaonlathacha a neartú; á iarraidh ar na Ballstáit uile a straitéisí frith-éillithe náisiúnta a fhorbairt nó a thabhairt cothrom le dáta le ranna tiomnaithe maidir le caiteachas poiblí in am géarchéime agus meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh ar riachtanais trealaimh agus acmhainní daonna na n-údarás forfheidhmithe dlí, agus éabhlóid agus éagsúlú tapa caiteachais phoiblí neamhrialta agus neamhdhlíthiúil á gcur san áireamh, agus na hacmhainní riachtanacha a chur ar fáil dóibh, lena n-áirítear uirlisí TF, chun feabhas a chur ar a gcumas an t-éilliú a chosc agus a chomhrac; á chreidiúint go mbíonn tionchar ag cineálacha éagsúla éillithe thrasnáisiúnta ní hamháin ar shláine na ngeilleagar náisiúnta, ach go mbíonn tionchar acu freisin ar an ngeilleagar ar scála Eorpach agus idirnáisiúnta, agus ar an gcaoi sin ag athdhearbhú an ghá atá le trédhearcacht fhoriomlán thimpeallacht eacnamaíoch agus airgeadais an Aontais a mhéadú;

8. á chur i bhfáth go bhféadfadh sé go dtreiseodh bainistiú mícheart na gcistí poiblí agus freagairtí neamhéifeachtacha ar ghéarchéim an mhímhuinín as an rialtas, ar mímhuinín í atá ag méadú; á chreidiúint go bhfuil sé de cheart ag an bpobal go gcuirfí ar an eolas é agus go gcuirfí faisnéis agus sonraí atá cothrom le dáta, trédhearcach agus iontaofa ar fáil dó le linn géarchéimeanna; á chur in iúl gur oth léi gur ghlac roinnt Ballstát bearta a chuir bac ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid le linn paindéim COVID-19, go háirithe do ghairmithe na meán; ag meabhrú ról an tsaorphreasa mar phríomhghné de dhaonlathas feidhmiúil agus ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sásraí cosanta ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach chun na meáin shaora a chaomhnú agus a neartú; á chreidiúint go bhféadfaí cosc agus brath cásanna éillithe a d’fhéadfadh a bheith ann a chothú go mór trí shonraí ábhartha neamhrúnda maidir le soláthar poiblí agus ciontuithe poiblí i bhformáid mheaisín-inléite a bheith ar fáil don phobal; á mheas, dá bhrí sin, gur cheart na conarthaí soláthair phoiblí go léir lena ndámhtar maoiniú poiblí a fhoilsiú leis an eagarthóireacht is lú ar shuíomh gréasáin tiomnaithe a mbeidh rochtain ag an bpobal air agus a bheidh oscailte agus caighdeánaithe, ionas go mbeifear in ann anailís a dhéanamh agus, ar an gcaoi sin, trédhearcacht agus grinnscrúdú ar chaiteachas poiblí a áirithiú;

9. ag tabhairt dá haire gur bhain go leor rialtas tairbhe as cúnamh éigeandála agus as airgead breisithe an Chiste Slándála Inmheánaí (CSI) le haghaidh faireachas ar theorainneacha; ag cáineadh easpa trédhearcachta an Choimisiúin agus na mBallstát i leith na Parlaiminte; ag cáineadh go háirithe gur dhiúltaigh Rialtas na Cróite doiciméid lárnacha a chur ar fáil don Pharlaimint maidir le cistiú breise a cuireadh ar fáil don Chróit chun faireachas a dhéanamh ar theorainneacha; á thabhairt chun suntais go gcuireann an diúltú sin bac ar an bParlaimint agus í i mbun a róil grinnscrúdaithe;

10. á chur in iúl gur díol sásaimh di an ról ríthábhachtach atá ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir le héilliú a chomhrac; ag cur béim ar an bhfíoras go mbraitheann rath aon fhreagartha éigeandála go mór ar rannpháirtíocht ghníomhach na ngníomhaithe uile sa tsochaí; á chreidiúint gur tugadh chun suntais le géarchéim reatha COVID-19 a thábhachtaí atá sé córas láidir rannpháirtíochta saoránach a choinneáil sa chinnteoireacht phoiblí; ag cur sonrú sa tábhacht ar leith a bhaineann le cosaint sceithirí a thuairiscíonn éilliú amhrasta; ag cur in iúl gur ábhar imní di na tuarascálacha a fuarthas le déanaí ón Líonra Idirnáisiúnta Sceithireachta (WIN) agus Trédhearcacht Idirnáisiúnta nach bhfuil tús curtha ag 14 Bhallstát le dul chun cinn íosta nó nach bhfuil

dul chun cinn íosta déanta acu chun Treoir AE maidir le Sceithireacht a chur chun feidhme, i bhfianaise spriocdháta trasuite an 17 Nollaig 2021 a bhaineann léi; á chur in iúl gur oth léi, le linn ghéarchéim COVID-19, gur ghlac roinnt Ballstát reachtaíocht éigeandála lena bhforchuirtear bearta sriantacha ar ghníomhaíochtaí na sochaí sibhialta; ag tathant ar na Ballstáit pleananna cuimsitheacha bainistithe géarchéime a fhorbairt chun ullmhú do chásanna comhchosúla amach anseo agus coimircí a áireamh do ról na sochaí sibhialta;

11. ag cur béim ar an ról bunriachtanach atá ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) laistigh de chreat AE chun éilliú a chosc agus a chomhrac; á iarraidh ar na Ballstáit neamh-rannpháirteacha atá fós ann dul i gcomhar le OIPE agus ballraíocht a ghlacadh ann ar deireadh; á thabhairt chun suntais gur féidir leis na Ballstáit tairbhe a bhaint as saineolas luachmhar trí chomhoibriú go gníomhach le OIPE; ag meabhrú an ghá atá le hacmhainní cuí daonna agus buiséadacha a áirithiú chun go bhfeidhmeoidh OIPE mar is cuí;

12. ag aithint ról reatha na hintleachta saorga agus mórshonraí agus na hacmhainneachta a bheidh acu amach anseo chun an t-éilliú agus mí-úsáid cistí poiblí a chomhrac; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na huirlisí atá ar fáil, amhail an Córas Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES), Arachne agus an Córas Bainistíochta Neamhrialtachtaí (IMS) chun oibreoirí eacnamaíocha lena ngabhann fadhbanna agus daoine nádúrtha a bhaineann leo a shainaithint go héifeachtach agus go héifeachtúil sa bhainistíocht dhíreach agus indíreach araon; á mholadh do na Ballstáit faisnéis a mhalartú eatarthu féin agus leis an gCoimisiún agus comhoibriú níos dlúithe a dhéanamh d’fhonn feabhas a chur ar bhailiú sonraí agus ar éifeachtacht rialuithe a fheabhsú; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil rochtain iomlán ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise OLAF ar an Uirlis Scorála Riosca Arachne; ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún úsáid as Arachne a dhéanamh éigeantach chun cistiú a fháil ón Aontas); á chur i bhfios gur cheart go mbeadh rochtain éasca ar an bhfaisnéis agus ar na sonraí uile atá ar fáil go poiblí; á chur i bhfios nach mór an fhaisnéis agus na sonraí uile a phróiseáil i gcomhréir leis na noirm a bhaineann le cosaint sonraí agus le ceart daoine aonair chun príobháideachta; á chur i bhfáth nach mór d’údaráis forfheidhmiúcháin a bheith chun tosaigh ar choirpigh a bhaineann níos mó úsáide as teicneolaíochtaí nua agus a thapaíonn aon deis chun a gcuid gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a leathnú, ar líne nó as líne;

13. á mheabhrú gur eisigh an Grúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta (GSE) roinnt moltaí maidir le hairgead poiblí a úsáid le linn géarchéimeanna, i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, ag tabhairt dá aire go luaitear sa 21ú tuarascáil ghinearálta ar ghníomhaíochtaí ó GSE gur cheart do na rialtais na rioscaí éillithe a tháinig chun cinn a bhainistiú go dian mar gheall ar an ngá atá le bearta urghnácha a dhéanamh chun paindéim COVID-19 a chomhrac; á iarraidh ar na Ballstáit na moltaí uile ó Ghrúpa na Stát i gcoinne na hÉillitheachta (GSE) chomh maith lena threoirlínte a leanúint agus á chur in iúl gur geal léi dá bhféadfadh AE dul i bpáirt le GSE mar chomhalta iomlán.

14. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh agus, i gcás inarb iomchuí, comhlachtaí náisiúnta agus comhlachtaí an Aontais a neartú, nósanna imeachta agus cleachtais dhlíthiúla i gcoinne cineálacha éagsúla éillithe; á áitiú go bhfuil gá le comhar níos dlúithe idir comhlachtaí inniúla an Aontais, eadhon OIPE,

Eurojust, Europol agus OLAF, laistigh dá sainorduithe faoi seach, agus imscrúduithe coiriúla ar éilliú agus ionchúisimh éillithe á ndéanamh acu; á mheabhrú, ina leith sin, a thábhachtaí atá sreabha éifeachtacha faisnéise agus cumarsáid fheabhsaithe idir na húdaráis náisiúnta ábhartha éagsúla agus idir comhlachtaí an Aontais; á iarraidh go mbeadh comhar níos dlúithe idir AE, a Bhallstáit, eagraíochtaí idir-rialtasacha, go háirithe na Náisiúin Aontaithe, agus eagraíochtaí neamhrialtasacha sa chomhrac i gcoinne an éillithe.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 12.10.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 49<br>–: 9<br>0: 4 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Katarina Barley, Pernando Barrena Arza, Pietro Bartolo, Nicolas Bay, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Jorge Buxadé Villalba, Damien Carême, Caterina Chinnici, Clare Daly, Marcel de Graaff, Anna Júlia Donáth, Lena Düpont, Cornelia Ernst, Laura Ferrara, Nicolaus Fest, Maria Grapini, Andrzej Halicki, Sophia in 't Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Fabienne Keller, Peter Kofod, Moritz Körner, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Lukas Mandl, Roberta Metsola, Nadine Morano, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Nicola Procaccini, Emil Radev, Paulo Rangel, Terry Reintke, Diana Riba i Giner, Ralf Seekatz, Michal Šimečka, Birgit Sippel, Sara Skyttedal, Martin Sonneborn, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Annalisa Tardino, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Bettina Vollath, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Jadwiga Wiśniewska, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Olivier Chastel, Tanja Fajon, Jan-Christoph Oetjen, Philippe Olivier, Anne-Sophie Pelletier, Thijs Reuten, Rob Rooken, Maria Walsh |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 49 | + |
|---|---|
| ID | Peter Kofod |
| NI | Laura Ferrara, Martin Sonneborn |
| PPE | Magdalena Adamowicz, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Lena Düpont, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Lukas Mandl, Roberta Metsola, Nadine Morano, Emil Radev, Paulo Rangel, Ralf Seekatz, Sara Skyttedal, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Maria Walsh, Javier Zarzalejos |
| Renew | Olivier Chastel, Anna Júlia Donáth, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Jan-Christoph Oetjen, Maite Pagazaurtundúa, Michal Šimečka, Ramona Strugariu |
| S&D | Katarina Barley, Pietro Bartolo, Caterina Chinnici, Tanja Fajon, Maria Grapini, Marina Kaljurand, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Thijs Reuten, Birgit Sippel, Bettina Vollath |
| The Left | Pernando Barrena Arza, Cornelia Ernst, Anne-Sophie Pelletier |
| Verts/ALE | Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Damien Carême, Terry Reintke, Diana Riba i Giner, Tineke Strik |

| 9 | - |
|---|---|
| ECR | Jorge Buxadé Villalba, Patryk Jaki, Nicola Procaccini, Rob Rooken, Jadwiga Wiśniewska |
| ID | Nicolas Bay, Marcel de Graaff, Philippe Olivier |
| NI | Milan Uhrík |

| 4 | 0 |
|---|---|
| ID | Nicolaus Fest, Annalisa Tardino, Tom Vandendriessche |
| The Left | Clare Daly |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 26.10.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 27<br>–: 1<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Matteo Adinolfi, Olivier Chastel, Caterina Chinnici, Lefteris Christoforou, Corina Crețu, Ryszard Czarnecki, Martina Dlabajová, José Manuel Fernandes, Luke Ming Flanagan, Daniel Freund, Isabel García Muñoz, Monika Hohlmeier, Jean-François Jalkh, Pierre Karleskind, Joachim Kuhs, Ryszard Antoni Legutko, Younous Omarjee, Tsvetelina Penkova, Markus Pieper, Sabrina Pignedoli, Michèle Rivasi, Petri Sarvamaa, Vincenzo Sofo, Michal Wiezik, Angelika Winzig, Lara Wolters, Tomáš Zdechovský |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Maria Grapini, Ramona Strugariu, Viola Von Cramon-Taubadel |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH SA CHOISTE FREAGRACH

| 27 | + |
|---|---|
| ECR | Ryszard Czarnecki, Ryszard Antoni Legutko, Vincenzo Sofo |
| NI | Sabrina Pignedoli |
| PPE | Lefteris Christoforou, José Manuel Fernandes, Monika Hohlmeier, Markus Pieper, Petri Sarvamaa, Michal Wiezik, Angelika Winzig, Tomáš Zdechovský |
| Renew | Olivier Chastel, Martina Dlabajová, Pierre Karleskind, Ramona Strugariu |
| S&D | Caterina Chinnici, Corina Crețu, Isabel García Muñoz, Maria Grapini, Tsvetelina Penkova, Lara Wolters |
| The Left | Luke Ming Flanagan, Younous Omarjee |
| Verts/ALE | Daniel Freund, Michèle Rivasi, Viola Von Cramon-Taubadel |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | Jean-François Jalkh |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ID | Matteo Adinolfi, Joachim Kuhs |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh